



**Scéim Teanga  
Bus Éireann  
2019-2022**

Faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

## Clár Ábhar

1. Réamhrá	3
2. Ullmhúchán don Scéim Teanga	3
3. Ábhar na Scéime Teanga	3
4. Dáta tosach feidhme na Scéime Teanga	3
5. Forbhreathnú ar Bhus Éireann	4
6. Tiomantas do sheirbhísí a sholáthar i nGaeilge	4
Príomh-mhodhanna cumarsáide leis an bpobal	5
Seirbhísí a sholáthraíonn Bus Éireann trí Ghaeilge faoi láthair	5
Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla faoi láthair	5
Seirbhísí atá ar fáil trí Bhéarla amháin faoi láthair	6
7. Feabhas ar na seirbhísí a sholáthrófar go dátheangach	6
Fógraí uathoibrithe	6
Seirbhísí Teileafóin	6
Comhfhreagras	6
Oiliúint agus Forbairt Foirne	6
Foilseacháin	7
Preaseisiúintí	7
Cumarsáid	7
8. Faireachán agus athbhreithniú ar an Scéim	7
9. Foilsiú na scéime comhaontaithe	7

## **1. RÉAMHRÁ**

Is í seo an chéad Scéim Teanga a d'ullmhaigh Bus Éireann faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"), mar chuid de mhór-Scéim Ghrúpa CIÉ.

Foráiltear le halt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad

- Trí mheán na Gaeilge;
- Trí mheán an Bhéarla; agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar seirbhísí áirithe nach soláthraíonn Bus Éireann trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama.

## **2. Ullmhúchán don Scéim Teanga**

Ullmhaíodh an scéim seo ar iarraidh ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi alt 11 den Acht agus de réir na dTreoirínte faoi alt 12 den Acht.

Mar ullmhúchán don scéim seo, bunaíodh Coiste Gaeilge inmheánach ar fud Ghrúpa CIÉ chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí éagsúla den scéim, agus aird á tabhairt ar an méid is féidir a bhaint amach sna blianta atá romhainn.

Foilsíodh fógra poiblí faoi alt 13 den Acht, á rá go raibh sé ar intinn againn dréachtscéim a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Fuarthas cúig aighneacht déag ina leith sin. Scrúdaíodh na haighneachtaí sin agus cuireadh san áireamh iad nuair a bhí an scéim á hullmhú.

## **3. Ábhar na Scéime Teanga**

Is é an aidhm atá leis an Scéim an tseirbhís atá ar fáil i nGaeilge ó Bhus Éireann a fheabhsú agus a bhreisiú. Tugtar breac-chuntas inti ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus ar na pleananna atá ar bun chun an soláthar seirbhísí a fheabhsú thar shaolré na scéime trí bliana seo.

## **4. Dáta Tosach Feidhme na Scéime**

Tá an Scéim daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm an 11 Márta 2019 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh Scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## **5. Forbhreathnú ar Bhus Éireann**

Tá Bus Éireann ina fhochuideachta de chuid CIÉ. Is é 119570 an uimhir chlárúcháin atá aige. Tá a Cheannoifig Ionraithe ar an gCloch Leathan, Baile Átha Cliath 7, Éire.

Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí bus ar fud na hÉireann, ach amháin i gcás an ghréasáin bhus áitiúil i gCathair agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath. Tá trí phríomheintiteas gnó ag an gcuideachta, lena n-áirítear ár ngréasán bealaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibrítear thar ceann an Stáit, an gréasán tráchtála idir-réigiúnach Expressway, agus an Scéim Iompar Scoile a oibrítear thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Oibrímid an tseirbhís cóiste Eurolines chun na Breataine agus chun na hEorpa agus soláthraímid seirbhís fruilithe cóistí príobháideacha freisin. Tógadh breis agus 78 milliún aistear ar fud ár bpríomhgréasán an bhliain seo caite.

Tá naonúr comhaltaí boird ag Bus Éireann, ar cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt seachtar díobh agus ar cheap fostaithe beirt díobh.

Is iad seo na comhaltaí reatha den Bhord:

- An tUas. Aidan Murphy (Cathaoirleach)
- Deirdre Ashe Uas.
- An tUas. Gerard Ryan
- An tUas. Stephen Hannan
- An tUas. Thomas O'Connor
- An tUas. Diarmuid Corry
- An tUas. Richard Manton
- Miriam Hughes Uas.
- An tUas. Brendan Lenihan

Déanann an Bord formhaoirseacht ar an obair a dhéanann Bus Éireann agus daingníonn sé gach cinneadh cistiúcháin agus gach gné de cheapadh beartais agus d'fhorbairt tráchtála.

## **6. Tiomantas do sheirbhísí a sholáthar i nGaeilge**

Tacaíonn Bus Éireann le prionsabail na Gaeilge, an Bhéarla agus an dátheangachais, mar atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Táimid tiomanta, a mhéid is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dúinn, do fhreastal ar chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Féachann Bus Éireann leis an nGaeilge a chur chun cinn agus le feabhas a chur ar na

seirbhísí a sholáthraíonn sé don phobal trí Ghaeilge agus fáiltíonn sé roimh ullmhú na scéime seo mar dheis le haghaidh na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin a chur ar bhonn foirmiúil agus le haghaidh an fháil ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mhéadú.

### **Príomh-Mhodhanna Cumarsáide leis an bPobal**

Teagmháil Aghaidh ar Aghaidh

Seirbhísí Teileafóin

Cumarsáid Leictreonach

Suíomh Gréasáin

Na Meáin Shóisialta

An Preas/Poiblíocht

Litir

### **Seirbhísí a sholáthraíonn Bus Éireann trí Ghaeilge faoi láthair**

#### **Comhfhreagras**

Tugtar freagra i nGaeilge ar gach ceann de na litreacha, na ríomhphoist agus na ceisteanna meán a fhaightear i nGaeilge.

#### **Scrollaí Ceann Scríbe**

Tá siad seo dátheangach

#### **Fógraí uathoibríthe ar bord**

Is dátheangach atá fógraí sábháilteachta agus fógraí réamhthaifeadta

#### **Comharthaíocht Leictreonach**

Tá an chomharthaíocht dátheangach i ngach cás, beagnach

#### **Amchláir**

Is dátheangach atá roinnt bheag de na hamchláir a thaispeántar ag stadanna bus

### **Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla faoi láthair**

Tuarascáil Bhliantúil

Cairt Custaiméirí

Amchláir ag stadanna bus

## **Seirbhísí atá ar fáil trí Bhéarla amháin faoi láthair**

Is trí Bhéarla amháin a sholáthraítear na seirbhísí eile uile

## **7. Feabhas ar na seirbhísí a sholáthrófar go dátheangach**

### **Seirbhísí Teileafóin - Faisnéis do Chustaiméirí**

Bíonn gníomhaire a labhraíonn Gaeilge ar fáil i gcónaí le linn uaireanta oscailte an ionaid seirbhíse do chustaiméirí.

*Tréimhse lena chur i gcrích: laistigh den chéad sé mhí den scéim seo*

### **Uimhir theileafóin fhoireann Bhus Éireann um Chúram Custaiméirí**

Cuirfear rogha ar fáil chun go mbeifear in ann seirbhís a roghnú trí roghchlár uathoibríthe roghanna Gaeilge a úsáid.

Tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na bliana 2019

### **Comhfhreagras**

Mar aon leis an oibleagáid dhlíthiúil atá air freagra i nGaeilge a thabhairt ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a chomhlíonadh, féachfaidh Bus Éireann le cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge nuair a thagann an deis chun cinn.

### **Oiliúint agus Forbairt Foirne**

Soláthrófar cúrsaí oiliúna Gaeilge do bhaill foirne ar mian leo leas a bhaint astu. Díreofar sna cláir oiliúna teanga sin ar oiliúint ábhartha a bhfuil mar aidhm léi cur go sonrach leis an gcumas atá ag baill foirne Bhus Éireann déileáil le hiarrataí ó chustaiméirí nó le hagallaimh leis na meáin i nGaeilge.

*Tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na bliana 2019*

- Cuirfear na gealltanais a thugann Bus Éireann sa Scéim seo in iúl don fhoireann trí chumarsáidí inmheánacha.
- Tá sé beartaithe ag Bus Éireann feabhas a chur ar cheiliúradh ócáidí poiblí/cultúrtha áirithe i nGaeilge amhail Lá Fhéile Pádraig, agus díriú ar leith á chur ar cheiliúradh trí Ghaeilge agus ar chur chun cinn na Gaeilge. Glacfaidh Bus Éireann páirt i Seachtain na Gaeilge, ar lena linn a spreagfar na baill foirne uile cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge agus iad ag comhlíonadh a ngnáthdhualgas laethúil.

## **Foilseacháin**

Is go dátheangach a fhoilseofar mórthuarascálacha ó Bhus Éireann, an tuarascáil bhliantúil ina measc. Is ar fáil i mBéarla amháin a bheidh sain-lámhleabhair threorach inmheánacha agus doiciméid de chineál teicniúil, eolaíoch agus speisialtóra.

## **Preaseisiúintí**

Is i mBéarla a eiseofar na preaseisiúintí uile a bhaineann le hócáidí sóisialta/cultúrtha. Cuirfear preaseisiúintí ar fáil i nGaeilge, ar iarraidh a fháil ó na meáin áitiúla agus/nó náisiúnta.

Is go dátheangach a eiseofar na preaseisiúintí agus na ráitis uile a bhaineann le tuarascálacha dátheangacha (amhail an tuarascáil bhliantúil) a eisiúint.

*Tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na bliana 2019*

## **Cumarsáid**

Ar iarraidh a fháil ó na meáin áitiúla agus/nó náisiúnta, féachfaidh Bus Éireann lena chinntiú go mbeidh urlabhraí a labhraíonn Gaeilge agus a bhfuil údarás dóthanach aige/aici ar fáil le haghaidh agallaimh a dhéanamh leis na meáin.

*Tréimhse lena chur i gcrích: Deireadh na bliana 2019*

## **Suíomh Gréasáin**

Is ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair atá suíomh Gréasáin Bhus Éireann.

## **Faireachán agus Athbhreithniú ar an Scéim**

Is ar an Rannóg Forbartha Gnó a bheidh an fhreagracht fhoriomlán as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Scéime.

Tabharfar tuairisc do Bhord Bhus Éireann gach bliain ar an dul chun cinn.

Tá sé beartaithe go n-athbhreithneofar oibriú na scéime seo 18 mí óna teacht i bhfeidhm agus arís ag deireadh na tréimhse trí bliana chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh spriocanna comhaontaithe agus ag soláthar seirbhísí agus tionscnamh go leordhóthanach trí Ghaeilge, ar aon dul leis an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí ón tionscal agus ar aon dul le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

## **Foilsíú na scéime comhaontaithe**

Déanfar ábhar na scéime ceadaithe deiridh, mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime, a phoibliú don fhoireann trínár n-iris inmheánach foirne.

Cuireadh cóip den Scéim ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.